Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9774/24**

**LIMITE**

**ENER 221**
**ENV 503**
**CLIMA 197**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | REPowerEU Cumarsáid: quo vadis?<br>= Seisiún tuairimíochta |

In oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 30 Bealtaine 2024, gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an plépháipéar ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite.

**Tar éis an fhogha mhíleata gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, an 10 agus an 11 Márta 2022, ghlac Cinn Stáit agus Rialtais an Aontais dearbhú in Versailles[1] ina leagtar amach an cuspóir seo a leanas: 'deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis a luaithe is féidir'.** I gcomhthéacs géarchéim fuinnimh san Aontas nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo a chuirfeadh isteach go mór, sna míonna ina dhiaidh sin, ar shlándáil fuinnimh an Aontais agus a spreagfadh ardú géar ar phraghsanna fuinnimh ar fud na mór-roinne, d'iarr ceannairí an Aontais ar an gCoimisiún plean REPowerEU a mholadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh, go háirithe: (a) dlús a chur leis an laghdú ar spleáchas foriomlán an Aontais ar bhreoslaí iontaise, agus imthosca náisiúnta agus roghanna na mBallstát maidir lena meascán fuinnimh á gcur san áireamh; (b) ár soláthairtí agus ár mbealaí a éagsúlú; (c) tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhargadh hidrigine don Eoraip; (d) dlús a chur le forbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh agus le nósanna imeachta údaraithe chun borradh a chur faoi thionscadail fuinnimh; (e) idirnaisc gháis agus leictreachais na hEorpa a chomhlánú agus a fheabhsú; (f) pleanáil theagmhasach an Aontais maidir le slándáil an tsoláthair a threisiú agus (g) éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. Chuir ceannairí an Aontais in iúl freisin gur gá dlús a chur leis an obair d'fhonn (a) leibhéil leordhóthanacha stórála gáis a áirithiú, (b) faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh leictreachais agus é a bharrfheabhsú; (c) infheistíocht chomhordaithe a threorú i gcórais fuinnimh agus (d) nascacht le garchomharsanacht an Aontais a fheabhsú.

**I mí na Bealtaine 2022, ghlac an Coimisiún an plean REPowerEU[2], le trí phríomhchuspóir: (i) fuinneamh a shábháil; (ii) fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh agus (iii) soláthairtí fuinnimh an Aontais a éagsúlú. Is é sprioc dheiridh phlean an Choimisiúin deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis faoi 2027 ar a dhéanaí[3].** Ba iad plean REPowerEU, atá bunaithe ar an gComhaontú Glas don Eoraip, mar aon le rialacháin éigeandála ón gComhairle na príomhuirlisí atá ag an Eoraip chun éagsúlú ó allmhairí fuinnimh ón Rúis, agus dá bhrí sin cuireadh bealach amach as an ngéarchéim ar fáil leis. Ar an gcaoi sin, forbraíodh bearta gearrthéarmacha i bplean REPowerEU chun tomhaltas fuinnimh a laghdú, leagadh amach ann creat láidir fadtéarmach chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú i dtreo 2030, agus cuireadh dlús le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite d'fhonn slándáil fuinnimh an Aontais a fheabhsú agus geilleagar an Aontais a dhícharbónú. Cé is moite de na bearta struchtúracha a cuireadh chun cinn i gcomhthéacs REPowerEU, glacadh roinnt rialacháin éigeandála shealadacha agus eisceachtúla freisin.

---

1 20220311-versailles-declaration-en.pdf (europa.eu)

2 COM(2022) 230 final. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2022%3A230%3AFIN

3 https://eur-lex.europa.eu/resource.html?uri=cellar:b27b8b93-725d-11ee-9220-01aa75ed71a1.0001.02/DOC_1&format=PDF

Mar thoradh ar phlean REPowerEU, rinne formhór na mBallstát allmhairí gáis, ola agus guail ón Rúis a laghdú go suntasach nó chuir siad deireadh leo de réir a chéile, agus chuir cuid acu deireadh de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreosla núicléach nó ar leictreachas ón Rúis. San iomlán, d'éirigh le tomhaltóirí na hEorpa 125.2 billiún méadar ciúbach (bcm) gáis a shábháil, agus tháinig laghdú níos mó ná 18 % ar an éileamh ar ghás nádúrtha le linn na tréimhse ó mhí Lúnasa 2022 go mí an Mhárta 2024. Le 2 bhliain anuas, d'éirigh leis an Aontas a chinntiú freisin gur líonadh saoráidí stórála gáis chun go mbeadh go leor ann do shaoránaigh agus don earnáil tionsclaíoch agus chun lándorchuithe agus ganntanais chumhachta a sheachaint. Chun an laghdú suntasach ar allmhairí gáis na Rúise a chúiteamh (a laghdaigh ó 45 % d'allmhairí gáis foriomlána an Aontais in 2021 go 24 % in 2022 agus go 15 % in 2023), leathnaigh an tAontas a sholáthar gáis ó sholáthróirí idirnáisiúnta eile, go príomha an Iorua agus na Stáit Aontaithe. Bhí ról ag Ardán Fuinnimh an Aontais, a sheol an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2022, in iarrachtaí comhpháirteacha an Aontais maidir le héagsúlú. Chuidigh an sásra um chomhiomlánú éilimh a bunaíodh faoi Ardán Fuinnimh an Aontais i mí Aibreáin 2023 leis an stóráil gáis a líonadh roimh shéasúr geimhridh 2023-2024. Mar thoradh ar REPowerEU freisin, cuireadh dlús le cur in úsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite agus le hiarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh. Léiríonn meastacháin tionscail[4] gur tháinig méadú 36 % ar an acmhainneacht shuiteáilte ghaoithe agus ghréine go carnach idir 2021 agus 2023, rud a shábháil thart ar 24 bcm gáis thar 2 bhliain. Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tháinig laghdú ar thomhaltas fuinnimh deiridh go 940 Mtoe in 2022, arb ionann é agus laghdú 2.8 % i gcomparáid le 2021. Tá tionscnaimh bhreise, cuir i gcás Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hEangacha[5], Plean Gníomhaíochta an Aontais um Chumhacht Gaoithe[6], Straitéis an Aontais um Ghrianfhuinneamh[7], bearta nua maidir le ceadú, na Cairteacha Gaoithe agus Gréine agus bunú na Comhghuaillíochta Eorpaí um Maoiniú Éifeachtúlachta Fuinnimh ag tacú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach go tapa, ag gníomhú dóibh mar chumasóirí ríthábhachtacha don aistriú chuig fuinneamh glan. Chun na hinfheistíochtaí riachtanacha a mhaoiniú, slógadh beagnach €300 billiún chun plean REPowerEU a chur chun feidhme, tríd an Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta den chuid is mó[8].

4 Foinsí: Eurostat, WindEurope, Solar Power Europe
5 COM(2023) 757
6 COM(2023) 669
7 COM(2022) 221
8 Rialachán (AE) 2021/241


PUBLIC

Agus **2 bhliain de REPowerEU á chomóradh**, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil ghréasánbhunaithe le déanaí ina ndéantar breithniú ar chur chun feidhme REPowerEU, lena n-áirítear bileoga eolais tírshonracha, agus d'eisigh sé treoir nithiúil bhreise, arb é is aidhm di go háirithe dlús breise a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh ar fud na mór-roinne agus allmhairí breosla iontaise na Rúise a laghdú. Go háirithe, ghlac an Coimisiún sraith moltaí agus treoirdhoiciméad nua agus nuashonraithe chun nósanna imeachta ceadaithe agus ceantanna le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh a fheabhsú agus a chuíchóiriú.

Is léir anois, agus 2 bhliain caite ó glacadh REPowerEU, , cé go bhfuil laghdú mór tagtha ar allmhairí breoslaí na Rúise chuig an Aontas, gur éirigh leis an Aontas a shlándáil fuinnimh a chaomhnú. Ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón ngéarchéim fuinnimh, agus na héifeachtaí diúltacha agus suaiteacha a bhí ag an ngéarchéim fuinnimh ar shaoránaigh agus ar thionscail na hEorpa in amanna á gcur san áireamh, beidh gá le tuilleadh iarrachtaí sna blianta amach romhainn chun athléimneacht an Aontais agus na mBallstát a mhéadú i leith réimis eachtracha a bheith ag úsáid fuinneamh mar arm, chun slándáil fuinnimh a chaomhnú agus a neartú agus chun praghsanna a chobhsú. Ina theannta sin, trí spleáchas struchtúrach na hEorpa ar allmhairí fuinnimh na Rúise a laghdú, cuirfear isteach go mór ar gheilleagar cogaidh na Rúise agus déanfar ailíniú le tacaíocht bhuanseasmhach an Aontais don Úcráin agus dá saoránaigh.

I bhfianaise an mhéid sin, ba mhaith le hUachtaránacht na Beilge a iarraidh ar na Toscaireachtaí a dtuairimí a thabhairt maidir leis an dá ghné seo a leanas:

1. **Cad iad na bacainní atá os bhur gcomhair maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí fuinnimh ón Rúis, i gcomhréir le meon Dhearbhú Versailles agus le plean REPowerEU a tháinig ina dhiaidh?**

2. **Cad iad na tionscnaimh bhreise ba cheart a sheoladh chun tacú leis an Aontas agus lena Bhallstáit inár n-iarrachtaí deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a luaithe is féidir?**

---



PUBLIC